

ROGHNÚ BALL FOIRNE AR CONRADH

A. RÉAMHRÁ

Tá an Coimisiún Eorpach ag eagrú próiseas roghnúcháin oscailte chun bunachar iarrthóirí a thiomsú óna bhféadfar baill foirne a earcú. De réir an chórais nua seo, foilseoidh an Coimisiún glaonna ar léiriú spéise le haghaidh próifílí agus grúpaí feidhme éagsúla, de réir mar a bheidh gá aige leo.

Earcaíonn an Coimisiún baill foirne ar conradh ar feadh tréimhsí cinnte agus ar feadh tréimhsí éiginnte chun an líon ball foirne i réimsí áirithe a mhéadú nuair is gá sin. Tá an caidreamh oibre idir baill foirne ar conradh agus an Coimisiún faoi rialú Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh¹ agus an Chinnidh ón gCoimisiún maidir le na forálacha ginearálta cur chun feidhme Airteagal 79(2) de na Coinníollacha sin^{2 3}.

Tá baill foirne ar conradh roinnte ina gceithre ghrúpa feidhme (Grúpaí Feidhme I, II, III agus IV), de réir dualgas⁴. Tá gach foghrúpa roinnte arís ina ghráid agus ina chéimeanna⁵.

Seo thíos céimeanna an phróisis roghnúcháin:

- Foilsíonn an Coimisiún glao ar iarratais le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na próifílí agus de na grúpaí feidhme;
- Déanann na hiarrthóirí iarratas ar líne agus stóráiltear na hiarratais i mbunachar sonraí tiomnaithe;
- De réir mar a thagann folúntais chun cinn, cuardaíonn ranna den Choimisiún an bunachar sonraí agus roghnaíonn siad líon teoranta iarrthóirí, arb iad na hiarrthóirí is fearr iad a oireann do dhualgais an phoist, de réir na faisnéise a thug siad ina n-iarratas;
- Tugtar cuireadh do gach iarrathóir a roghnaíodh an triail/na trialacha a dhéanamh atá leagtha síos sa ghlaó ar iarratais;
- Iarrthóirí a n-éireoidh na trialacha leo, d'fhéadfadh sé go dtabharfaí cuireadh chun agallaimh dóibh;
- De réir thorthaí na trialach/na dtrialacha agus an agallaimh, d'fhéadfadh sé go dtairgfí post do na hiarrthóirí.

Féach gur gnách go gcuireann cuid mhór iarrthóirí ardcháilithe isteach ar na glaonna ar léiriú spéise le haghaidh baill foirne ar conradh. Dá bhrí sin, is é is dóichí go mbeidh an líon iarrthóirí a chlárófar sa bhunachar níos mó ná an líon post do bhaill foirne ar conradh a bheidh ar fáil sa Choimisiún.

¹ <http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20140501&qid=1420710199480&from=EN> (Teideal IV, Ich. 210).

² Cinneadh C(2011) 1264 ón gCoimisiún an 2 Márta 2011 maidir leis na forálacha ginearálta cur chun feidhme Airteagal 79(2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, lena rialaítear coinníollacha fostaíochta ball foirne ar conradh atá fostaithe ag an gCoimisiún de réir théarmaí Airteagal 3a agus Airteagal 3b de na Coinníollacha sin (http://europa.eu/epso/doc/rules_ca_comm_en.pdf, arna leasú ag Cinneadh C(2013)8967 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 (http://ec.europa.eu/civil_service/docs/ca_rules_en.pdf).

³ Tá an Coimisiún ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar na coinníollacha fostaíochta seo. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an athbhreithniú sin ar na próisis roghnúcháin agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go gcaithfí an próiseas atá leagtha síos don ghlaó seo ar iarratais a athrú.

⁴ Airteagal 80 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

⁵ Airteagal 80 agus Airteagal 93 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

B. AN CHÉAD GHLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE TAIGHDEOIRÍ – GRÚPA FEIDHME IV

COM/1/2015/GFIV – Taighde

Is é is aidhm don chéad ghlaio ar iarratais bunachar iarrthóirí a thiomsú as a bhféadfar baill foirne ar conradh a earcú do Ghrúpa Feidhme IV chun an líon ball foirne i réimse an taighde sa Choimisiún a mhéadú, san Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) go háirithe.

Is é an JRC a eagróidh an próiseas roghnúcháin.

Is é an JRC is mó a bhainfidh úsáid as an mbunachar iarrthóirí agus is é a bhainisteoidh é. Forchoimeádan an JRC an ceart an glao seo a dhúnadh tráth ar bith.

Cliceáil [anseo](#) chun iarratas a dhéanamh. Déanfaidh an JRC cuardach sa bhunachar sonraí chun na hiarrthóirí a shainaithint a dtabharfar cuireadh dóibh an triail/na trialacha inniúlachtaí a dhéanamh agus dul faoi agallamh. Tá cur síos ar an bpróiseas roghnúcháin i Roinn VI den ghlaio seo. An chuid is mó de na conarthaí, is conarthaí iad do phoist atá lonnaithe sna hionaid seo de chuid an JRC:

An Institiúid um Ábhar Tagartha agus Tomhais (IRMM), in Geel na Beilge

An Institiúid um Dhúile Trasúránacha (ITU), in Karlsruhe na Gearmáine

An Institiúid um Fhuinneamh agus Iompar (IET), in Petten na hÍsiltíre

An Institiúid um Chosaint agus Slándáil an tSaoránaigh (IPSC), in Ispra na hIodáile

An Institiúid um an gComhshaol agus um Fhorbairt Inbhuanaithe (IES), in Ispra na hIodáile

An Institiúid um Shláinte agus um Chosaint Tomhaltóirí (IHCP), in Ispra na hIodáile

An Institiúid um Staidéar ar Ionchais Teicneolaíochta (IPTA), in Sevilla na Spáinne

An Stiúrtóireacht um Chomhordú Tacaíochta Beartais (PSC), i mBriséil na Beilge

Aonaid atá ceangailte den Leas-Ardstiúrtóir, sa Bhruiséil/in Ispra

Bainistíocht Láithreán Ispra (ISM), in Ispra na hIodáile

I. DUALGAIS⁶

Is mar bhaill d'fhoireann taighde agus faoi mhaoirseacht eolaí shinsearaigh a dhéanfaidh na baill foirne taighde ar conradh a gcuid dualgas.

Seo samplaí de na cúraimí éagsúla is féidir a bheidh le déanamh:

- Obair shaotharlainne
- Múnú agus ionsamhlú
- Forbairt bogearraí
- Anailísiú ar bheartais
- Turgnaimh agus taighde eolaíoch agus teicniúil a cheapadh agus a dhéanamh
- Féachaint chuige go bhfuil an fhaisnéis eolaíoch is úire dá bhfuil ann ar fáil do cláir thaighde Eorpacha

⁶ Na dualgais a bhfuil cur síos orthu sa ghlaio seo, is leaganacha simplithe iad de na dualgais a luafar sna conarthaí. Is chun críocha faisnéise atá na leaganacha simplithe seo curtha ar fáil; níl siad ceangailteach ó thaobh dlí de.

- Bonn fóna eolaíoch a chur faoin bpróiseas déanta beartas
- Tuarascálacha, ailt agus páipéir chomhdhála a scríobh, a fhoilsiú agus a chur i láthair
- Éascaíocht a dhéanamh do ghníomhaíochtaí a bhaineann le húsáid torthaí a bhainistiú agus obair iardain a dhéanamh ina leith, agus na torthaí sin a chraobhscaoileadh
- Tacú leis na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar dhea-chleachtais mhonaraíochta, saotharlainne agus chliniciúla
- Bheith i gcaidreamh le húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha a bhíonn ag plé le gnóthaí taighde san Aontas Eorpach
- Páirt a ghlacadh i meithleacha a mheasann tionscadail taighde
- Saineolaithe agus baill de meithleacha i réimse an taighde a shainaitint.

II. INCHÁILITHEACHT

Ar an dáta a dhéantar an t-iarratas, ní mór don iarrthóir na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

A. Coinníollacha ginearálta

- (a) Bheith ina shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de cheann de thíortha comhlachaithe an chláir taighde agus nuálaíochta Fís 2020⁷.
- (b) A chearta go léir mar shaoránach a theachtadh.
- (c) Aon oibleagáid dlí atá air faoi dhlíthe a thíre féin i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige.
- (d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh.
- (e) Bheith aclaí a dhóthain chun dualgais an phoist a dhéanamh.

B. Oideachas/taithí

Oideachas is comhionann le:

- (a) cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad agus diplóma bainte amach ag a dheireadh agus taithí oibre cúig bliana ar a laghad i gceann de na réimsí atá sa liosta thíos

Sin, nó

- (b) diplóma dhochtúireachta i gceann de na réimsí atá sa liosta thíos. Iarrthóirí nár chosain a dtéis dochtúireachta fós, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar choinníoll go mbeidh an diplóma dochtúireachta bainte amach acu faoin am a thabharfar cuireadh dóibh an triail/na trialacha a dhéanamh agus dul faoi agallamh, faoi mar atá sonraithe i bPointe V.

Aigéaneolaíocht/muireolaíochtaí	Eolaíochtaí polaitiúla
Bithcheimic	Eolaíochtaí sóisialta
Bitheolaíocht	Eolaíochtaí talmhaíochta
Ceimic	Fisic
Cógaisíocht	Foraoiseacht
Eacnamaíocht	Geolaíocht
Éiceolaíocht	Innealtóireacht
Eolaíochtaí beatha	Innealtóireacht talmhaíochta
Eolaíochtaí comhshaoil	Matamaitic
Eolaíochtaí cothúcháin	Meitéareolaíocht

⁷ An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, an Iorua, an Íoslann, Íosrael, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, Oileáin Fharó, an tSeirbia agus an Tuirc.

Eolaíochtaí hidreolaíocha Eolaíochtaí leighis Eolaíochtaí na n-ábhar Eolaíochtaí nádúrtha Eolaíochtaí oideachais	Nanaitheicneolaíocht, nanaibhiteicneolaíocht Ríomheolaíochtaí Síceolaíocht Staidreamh Tíreolaíocht Tréidliacht
------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna n-eisiúint ag Ballstát den Aontas Eorpach nó le cáilíochtaí a atá comhionann leo, dar le húdaráis an Bhallstáit i gceist. I gcás dioplómaí a fuarthas i dtír nach Ballstát den Aontas í, féadfar iarraidh ar an iarrthóir fianaise ó údarás aitheanta a sholáthar a chruthaíonn inchomparáideacht/comhionannas na ndioplómaí.

I gcás ina dtugtar rochtain i mBallstát den Aontas ar ghairm ar leibhéal atá comhionann le Grúpa Feidhme IV trí scrúdú Stáit, trí oiliúint oibre nó ar dhóigh den chineál céanna, féadfaidh an t-údarás atá údaraithe conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, féadfaidh sé toiliú a aithint go bhfuil an cháilíocht sin comhionann le dioplóma ollscoile.

C. Eolas ar theangacha

An phríomhtheanga (teanga 1): sáreolas ar cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh⁸ (leibhéal is comhionann le leibhéal C1 ar a laghad de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR))⁹.

An dara teanga (nach ionann í agus teanga 1): eolas sásúil ar an mBéarla, ar an bhFraincis nó ar an nGearmáinis (leibhéal is comhionann le B2 de CEFR).

Nóta d'iarrthóirí maidir leis an dara teanga

I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v An Coimisiún, tá sé de cheanglas ar institiúidí an Aontais Eorpaigh a shonrú cé na fáthanna a bhfuil na teangacha as ar féidir an dara teanga a roghnú teoranta sna comórtais/próisis roghnúcháin seo do líon srianta de theangacha oifigiúla an Aontais.

Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an ghlaio seo ar léiriú spéise de réir leas na seirbhíse, leas a fhágann go gcaithfidh na hearcaigh nua bheith in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn a n-oibre laethúla. Ina éagmais sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfí bac mór ar obair na n-institiúidí.

Is fada an Béarla, an Fraincis agus an Ghearmáinis ina bpríomhtheangacha cumarsáide inmheánaí in institiúidí an Aontais Eorpaigh, agus is iad is minice a mbíonn gá leo chun cumarsáid a dhéanamh le páirtithe seachtracha agus chun comhaid a láimhseáil.

⁸ Seo iad teangacha oifigiúla an Aontais: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Ioruais, an Íoslainnis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóvaicis, an tSlóivéinis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

⁹ Tá greille féinmheasúnaithe ar shuíomh gréasáin EUROPASS cabhrú le hiarrthóirí meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid scileanna teanga:

<http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp>.

Ar a bharr sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is leitheadaí san Aontas Eorpach agus is iad is mó a ndéantar staidéar orthu mar dhara teangacha. Ós amhlaidh atá, is féidir bheith ag súil faoi láthair le leibhéal áirithe oideachais agus inniúlachtaí gairme a bheith ag iarrthóirí ar na poist in institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad.

Dá bhrí sin, agus leas agus riachtanais na seirbhíse agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, tá ábhar maith ann iarrthóirí a thástáil i gceann de na trí theanga sin agus iad faoi agallamh chun a chinntiú go mbeidh na hiarrthóirí inniúil don obair, is cuma cén phríomhtheanga oifigiúil atá acu. Mar sin, ligeann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha don Choimisiún a mheas a ábalta is atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair.

Ar na cúiseanna céanna, ní mór teorainn a chur le líon na dteangacha a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh leis na hiarrthóirí agus chun foirmeacha a líonadh isteach. Cinnteoidh sin go mbeidh an chomparáid a dhéanfar idir na hiarrthóirí agus an tseiceáil a dhéanfar orthu ar bhonn a n-iarratais, go mbeidh siad ar aon dul le chéile.

NB: Iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh féachaint iad a earcú, b'fhéidir, iarrfar orthu na doiciméid tacaíochta a thabhairt leo a chruthaíonn na dearbhuithe a rinne siad ina bhfoirm iarratais ar líne. Má fhaightear amach gur faisnéis bhréagach an fhaisnéis a thug iarrthóir nó mura féidir leis an iarrthóir na doiciméid tacaíochta a sholáthar, dícháileofar é ón bpróiseas é (agus bainfear a ainm as an mbunachar sonraí).

III. CÉIMEANNA AN IARRATAIS

Ní féidir ach le hiarrthóirí a chomhlíonann na ceanglais incháilitheachta atá leagtha amach i Roinn II den ghlaeo seo iarratas a dhéanamh.

Ba cheart d'iarrthóirí iarratas a dhéanamh ar líne trí na teoracha i gcóras an [ESRA](#) a leanúint. Ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais ar líne a líonadh isteach i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis.

I ndiaidh dóibh an t-iarratas ar líne a líonadh isteach, gheobhaidh iarrthóirí uimhir dheimhniúcháin trí ríomhphost. Is deimhniú í an uimhir go bhfuil an t-iarratas cláraithe ag an JRC. Ba cheart d'iarrthóirí í a choinneáil ós í uimhir thagartha an iarrthóra í. I ndiaidh don iarrthóir an uimhir dheimhniúcháin a fháil¹⁰ dúnfar próiseas an iarratais ar líne agus is deimhniú é sin go bhfuil sonraí an iarrthóra cláraithe ag an JRC. Mura bhfaigheann an t-iarrthóir uimhir dheimhniúcháin, d'fhéadfadh sé nár cláraíodh a iarratas. Is féidir le hiarrthóirí a n-iarratas a thabhairt cothrom le dáta, a tharraingt siar nó iarratas eile a chur ina n-ionad tráth ar bith.

Bíonn na hiarratais bailí go dtí go ndúnfar an glao seo, ar chuntar go gcoinneofar iad cothrom le dáta. Ní mór na hiarratais a thabhairt cothrom le dáta gach dhá mhí dhéag ar a laghad; mura ndéantar sin scoirfidh siad de bheith bailí. Aon iarratas nach dtabharfar cothrom le dáta, déanfar é a dhíghníomhachtú gan réamhfhógra agus déanfar an t-iarratas a bhaint as an gcóras i ndiaidh 18 mhí.

Chun tús a chur le d'iarratas, cliceáil ar an nasc seo: [iarratas ESRA](#)

¹⁰ Ní thiocfaidh athrú ar an uimhir thagartha fiú amháin má athraíonn an t-iarrthóir a iarratas.

IV. IARRTHÓIRÍ A ROGHNÚ IS FÉIDIR A EARCÓFAR

De réir mar a thiocfaidh folúntais chun cinn, déanfaidh an JRC agus ranna eile den Choimisiún cuardach sa bhunachar agus roghnóidh siad na hiarrthóirí is fearr a oireann – de réir na faisnéise a thug siad ina n-iarratas – do dhualgais an phoist, agus tabharfar cuireadh dóibh an triail/na trialacha a dhéanamh agus dul faoi agallamh. Caithfidh gach critéar incháilitheachta a bheith á chomhlíonadh ag iarrthóirí tráth an chláraithe sa bhunachar.

Roimh an triail/na trialacha agus an agallamh/na hagallaimh, gheobhaidh na hiarrthóirí a roghnaíodh cur síos ar an bpost ina mbeidh dualgais an phoist leagtha amach agus gheobhaidh siad faisnéis freisin faoi chineál na trialach/na dtrialacha a bheidh le déanamh. Iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh, iarrfar orthu gach diplóma, teastas agus doiciméad eile tacaíochta a chur ar fáil a chruthaíonn go bhfuil an fhaisnéis a thug siad ina n-iarratas i dtaobh cáilíochtaí agus taithí, go bhfuil an fhaisnéis sin cruinn.

Beidh dhá chuid sa phróiseas roghnúcháin:

1. Triail/trialacha inniúlachtaí i réimse an taighde (féach thíos), sa dara teanga a roghnaigh an t-iarrthóir ina iarratas;
2. Agallamh/agallaimh d'fhonn inniúlachtaí ginearálta agus taithí an iarrthóra, agus a eolas ar an gcéad agus ar an dara teanga, a mheas.

Cineál na trialach	Fad ama na trialach	Language of test	Marcálfar an triail as	An pasmharc
Triail ilroghnach	60 nóiméad	Béarla/Fraincis/Gearmáinis (Teanga 2)	30 pointe	15 phointe

Iarrthóirí a ghnóthóidh pas sna trialacha inniúlachtaí, d'fhéadfadh sé go dtairgí post dóibh.

Is i gcomhréir le Airteagal 3a nó Airteagal 3b de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a dhréachtófar an conradh fostaíochta.

Déanfar torthaí na trialach/na dtrialacha a iontráil sa bhunachar sonraí, agus, i gcás na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo, d'fhéadfadh sé go gcuirfí san áireamh iad i bpróiseas eile roghnúcháin ina dhiaidh sin.

Sula n-earcófar an t-iarrthóir, déanfar an fhaisnéis a thug sé ina iarratas a sheiceáil trí bhunchóipeanna na ndoiciméad tacaíochta agus na ndiplómaí a chuir sé ar fáil a scrúdú d'fhonn a dheimhniú go bhfuil sé incháilithe.

V. FAISNÉIS GHINEARÁLTA AGUS CUMARSÁID

Tá an glao seo ar léiriú spéise foilsithe i 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Ar na cúiseanna dá dtagraítear i Roinn II.C den ghlaó seo ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais a líonadh isteach i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis. An teanga ina líonfar isteach an fhoirm iarratais, sin í an teanga a úsáidfear i ngach comhfhreagras idir na hiarrthóirí agus an Coimisiún.

Is trí ríomhphost amháin a bheidh gach cumarsáid dhíreach idir na hiarrthóirí agus an Coimisiún.

Iarrtar ar iarrthóirí bheith ag breathnú go rialta ar shuíomh gréasáin an JRC go bhfeice siad an bhfuil aon nuashonrú eolais ann.

Tá gach eolas is gá i dtéacs an ghlaio seo. Ní mór gach ceist, cé is moite de cheisteanna teicniúla, a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo:

JRC-OPEN-CALL-RESEARCH@ec.europa.eu

Ní mór gach ceist theicniúil maidir le córas an [ESRA](#) a sheoladh trí leathanach teagmhála an ESRA.

VI. FORAS DÍCHÁILITHE

Ní mór do gach duine a earcóidh an Coimisiún a léiriú go bhfuil sé sár-ionraic iontaofa.

Má fhaightear amach ag aon chéim den nós imeachta gur chuir iarrthóir faisnéis bhréagach ar fáil nó go ndearna sé aon dearbhuithe bréagacha, dícháileofar é ón bpróiseas roghnúcháin agus bainfear a iarratas den bhunachar sonraí.

Ina theannta sin, is féidir go ngearrfar pionós ar iarrthóir má dhéanann sé calaois nó iarracht ar chalaos.

VII. COSAINT SONRAÍ

Féachann an Coimisiún chuige go ndéantar sonraí pearsanta iarrthóirí a chosaint faoi mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001¹¹ maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh. Ar an dóigh sin cosnaítear rúndacht agus slándáil sonraí den chineál sin.

Tá eolas breise le fáil i [ráiteas príobháideachais sonracha](#) an Choimisiúin¹².

VIII. NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ACHOMHAIRC

Má mheasann iarrthóir ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin seo go ndearnadh botún nó gur ghníomhaigh an JRC go héagórach nó nár chomhlíon sé na rialacha maidir leis an bpróiseas roghnúcháin, agus go ndearnadh dochar dá leas mar gheall air sin, is féidir leis dul i muinín na nósanna imeachta seo:

Nós imeachta	Pointe teagmhála	Teorainn ama
1. Athbhreithniú (tá an chéim seo roghnach)	JRC-OPEN-CALL-RESEARCH@ec.europa.eu	10 lá féilire ¹³
2. Gearán riarthach a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ¹⁴	- trí ríomhphost, i bhfoirm PDF más féidir é, chuig HR-MAIL-D2@ec.europa.eu , nó - trí fhacs chuig (32-2) 295 00 39, nó - tríd an bpost chuig: An Coimisiún Eorpach Rue de la Loi 200, SC11 4/57 B-1049 An Bheilg	3 mhí
3. Más amhlaidh, i ndiaidh chéim 2 a bheith thart, go ndiúltófar go sainráite an	Tribunal de la fonction publique de l'Union européenne Boulevard Konrad Adenauer	3 mhí

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* L 8, 12.1.2001, Ich. 8).

¹² Féach <https://secure.edps.europa.eu/EDPSWEB/edps/site/mySite/pid/86>.

¹³ Amhail ón dáta a thugtar fógra faoi na torthaí don iarrthóir.

¹⁴ Iarrtar ar iarrthóirí uimhir thagartha an ghlaio a lua ina gcuid litreacha, agus a n-uimhir iarratais, agus an frása *Complaint under Article 90(2)*. Tá feidhm ag Airteagal 90(2) de na Rialachán Foirne maidir le baill foirne ar conradh, ar bhonn ar Airteagal 117 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

gearán nó nach bhfaighfear aon fhreagra oifigiúil air, féadfaidh an t-iarrthóir achomharc breithiúnach a dhéanamh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne¹⁵.

2925 Lucsamburg

Fearacht shaoránaigh uile an Aontais, féadfaidh iarrthóirí gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach¹⁶:

An tOmbudsman Eorpach
1, avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67001 Strasbourg Cedex
AN FHRAINIC

¹⁵ Tá sonraí faoi conas achomharc a dhéanamh agus conas a dhéantar teorainneacha ama a ríomh le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh: http://curia.europa.eu/jcms/jcms/T5_5230.

¹⁶ Féach nach bhfionraíonn nó nach n-athraíonn gearáin a dhéantar leis an Ombudsman an tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin nó achomhairc a chur isteach chuig an mBinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Féach freisin nach mór, faoi Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta maidir le feidhmiú dhualgais an Ombudsman, dul i dteagmháil ar na dóigheanna cuí leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfaidh tú aon ghearán leis an Ombudsman. Tá gach eolas faoi seo ar fáil anseo: <http://www.ombudsman.europa.eu/ga/home.faces>.